Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9524/23**

**ECOFIN 447**
**FIN 545**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil speisialta Uimh. 07/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: ‘Dearadh chóras rialaithe an Choimisiúin do RRF — Tá bearna dearbhaithe agus cuntasachta fós ar leibhéal an Aontais sa tsamhail nua seachadta, in ainneoin obair fhairsing a bheith beartaithe’ - Conclúidí ón gComhairle (an 16 Bealtaine 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 07/2023,‘Dearadh chóras rialaithe an Choimisiúin do RFF — Tá bearna maidir le dearbhú agus cuntasacht ar leibhéal an Aontais fós sa tsamhail nua seachadta, in ainneoin obair fhairsing atá á pleanáil’, a formheasadh ag an 3948ú cruinniú den Chomhairle (ECOFIN) a bhí ar siúl an 16 Bealtaine 2023.

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 07/2023**
**'Dearadh chóras rialaithe an Choimisiúin do RFF**
**— Tá bearna maidir le dearbhú agus cuntasacht ar leibhéal an Aontais fós**
**sa tsamhail nua seachadta, in ainneoin obair fhairsing atá á pleanáil'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE tuarascáil speisialta Uimh. 07/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear ʽan Chúirt' anseo feasta) agus an freagra ón gCoimisiún ar thorthaí agus ar mholtaí na Cúirte.

2. MEABHRAÍONN DI go dtugtar don Chúirt leis na Conarthaí na cuntais ar ioncam agus ar chaiteachas uile an Aontais a scrúdú. IS DÍOL sásaimh di go bhfuil iniúchtaí críochnúla á ndéanamh ag an gCúirt ar ghnéithe ábhartha den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF). CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé ríthábhachtach cur chun feidhme ceart chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cuid lárnach an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta de fhreagra an Aontais chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus geilleagair agus sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullamh do dhúshláin agus deiseanna an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. MEABHRAÍTEAR DI gurb é cuspóir sonrach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit d'fhonn garspriocanna agus spriocanna na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a leagtar amach ina bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a bhaint amach.

4. TUGANN SÍ FAOI DEARA gur scrúdaíodh in iniúchadh na gCúirteanna dearadh chóras rialaithe an Choimisiúin don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta maidir lena áirithiú go ndéanfar íocaíochtaí leis na Ballstáit as na garspriocanna réamhshainithe agus/nó na spriocanna réamhshainithe a chomhlíonadh go sásúil, agus go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE barúlacha na tuarascála speisialta, go háirithe tuairim seo a leanas na Cúirte:

– tá próiseas fairsing ceaptha ag an gCoimisiún chun comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna a fhíorú;

– d'fhéadfadh rialuithe an Choimisiúin tacú lena mheasúnú ar chórais na mBallstát, ach tá teorainneacha ag baint leis na nósanna imeachta chun calaois a thuairisciú agus laigí a cheartú;

– tá bearna sa dearbhú agus sa chuntasacht ar leibhéal an Aontais ó thaobh leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

6. TUGANN sí dá haire gur ionstraim fheidhmíochtbhunaithe í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, arna cur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach. MEABHRAÍTEAR DI gurb amhlaidh, de bhun Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, a áirithíonn na Ballstáit, mar thairbhithe nó mar iasachtóirí cistí faoin tSaoráid, go gcomhlíontar, le húsáid cistí i ndáil le bearta a dtacaítear leo faoin tSaoráid, dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc. DEARBHAÍONN SÍ gurb é is cuspóir do na córais rialaithe agus do na bearta ábhartha eile a leagtar amach faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta foráil a dhéanamh maidir leis na dearbhuithe agus an chuntasacht is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

7. IS MÓR AICI freagraí an Choimisiúin ar na torthaí agus ar na moltaí a áirítear sa tuarascáil ón gCúirt. MOLANN SÍ don Choimisiún an méid a leanas a dhéanamh

– treoraíocht agus nósanna imeachta a fhorbairt lena dtabharfar aghaidh ar aisiompú birt a bhaineann le garsprioc nó sprioc a comhlíonadh roimhe sin;

– leanúint d'iniúchtaí a dhéanamh agus dearbhú réasúnach a fháil maidir leis na córais a chuireann na Ballstáit chun feidhme chun comhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta a áirithiú, go háirithe maidir le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú;

– leanúint de na Ballstáit a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht úsáid a bhaint as an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS) le haghaidh cistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta freisin;

– a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go trédhearcach agus go comhréireach na ceartuithe ar ráta comhréidh a leagtar síos sna comhaontuithe maoiniúcháin agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na córa comhionainne.

8. MEABHRAÍTEAR DI go bhforáiltear le Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta go bhféadfadh an Coimisiún íocaíochtaí a chur ar fionraí go páirteach nó go hiomlán. IS DÍOL SÁSAIMH DI, i ndáil leis sin, gur fhoilsigh an Coimisiún modheolaíocht chun an méid atá le cur ar fionraí a chinneadh mura gcomhlíontar garspriocanna nó sprioc go sásúil. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aon nós imeachta fionraíochta íocaíochta a chur i gcrích agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na trédhearcachta, na córa comhionainne agus na comhréireachta agus i ndlúthchomhar leis an mBallstát lena mbaineann.

9. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá córais rialaithe éifeachtacha chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ngá atá leis an ualach riaracháin a íoslaghdú, agus ar an riosca neamhchomhlíonta a mheastar a d'fhéadfadh a bheith ann. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá trédhearcacht, comhréireacht agus cóir chomhionann i nósanna imeachta measúnaithe agus rialaithe an Choimisiúin.